2025/158

30.1.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/158 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Eanáir 2025

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh aicéataimípride i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substainte gníomhaí aicéataimíprid, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) D'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ráiteas a sholáthar maidir le hairíonna tocsaineolaíocha agus MRLanna na haicéataimípride agus a meitibilítí, i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) Sa ráiteas uaidh ([3]), shuigh an tÚdarás iontógáil laethúil inghlactha níos ísle agus géardháileog thagartha níos ísle le haghaidh aicéataimípride agus chuir sé an mheitibilít IM-2-1 san áireamh sa sainmhíniú ar iarmhar ar mhaithe leis an measúnú riosca ar aicéataimíprid i dtorthaí agus i mbarra duilleacha.

(4) Shainaithin an tÚdarás sárú ar an ngéardháileog thagartha maidir leis na MRLanna le haghaidh cuiríní, bananaí, leitísí, searbháin muc, spionáistí, agus seardais/duilleoga biatais. Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle leis na Ballstáit agus d'iarr sé orthu dea-chleachtais talmhaíochta cúltaca fhéideartha a thuairisciú a údaraíodh sna Ballstáit nó i dtríú tíortha agus a ndearnadh meastóireacht orthu cheana ar leibhéal na mBallstát, agus a d'fhágfadh nach mbeadh riosca do-ghlactha ann do thomhaltóirí. Níor tuairiscíodh aon dea-chleachtas talmhaíochta cúltaca. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtráchtearraí sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a ísliú go dtí an teorainn chinnidh ábhartha.

(5) Shainaithin an tÚdarás freisin sárú ar an ngéardháileog thagartha maidir leis na MRLanna le haghaidh torthaí ón meispeal Gearmánach, silíní, péitseog, fíonchaor fíonchaora boird, sméara dubha, súitha craobh, fraochán, mónóg, spíonán, caora troim, ológa boird, trátaí, ubhthorthaí, mealbhacán, puimcíní, mealbhacáin uisce, brocailí, cóiliseacha, cabáistí cinn, ceathrúna uain, roicéad Rómhánach, mustard dhearga, lus súgach, ae ó bhó-ainmhithe, agus scairteach inite eile ó bhó-ainmhithe. Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle leis na Ballstáit agus d'iarr sé orthu dea-chleachtais talmhaíochta chúltaca fhéideartha a thuairisciú a údaraíodh sna Ballstáit nó i dtríú tíortha agus a ndearnadh meastóireacht orthu cheana ar leibhéal na mBallstát, agus a d'fhágfadh nach mbeadh riosca do-ghlactha ann do thomhaltóirí. Tuairiscíodh dea-chleachtais talmhaíochta cúltaca le haghaidh na dtráchtearraí sin, dea-chleachtais nach bhfágann go sáraítear an ghéardháileog thagartha. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtráchtearraí sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a ísliú go dtí na luachanna a mholann an tÚdarás.

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

([3]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia; Ráiteas maidir le hairíonna tocsaineolaíocha agus uasleibhéil iarmhar na haicéataimípride agus a meitibilítí; *EFSA Journal* [Iris EFSA]. 2024;22:e8759.

(6) Shainaithin an tÚdarás freisin sárú ar an ngéardháileog thagartha maidir leis na MRLanna le haghaidh úll, piorraí, aibreog, piobar, cúcamar agus cúirséad. Chuaigh an tÚdarás i gcomhairle leis na Ballstáit agus d'iarr sé orthu dea-chleachtais talmhaíochta chúltaca fhéideartha a thuairisciú a údaraíodh sna Ballstáit nó i dtríú tíortha agus a ndearnadh meastóireacht orthu cheana ar leibhéal na mBallstát, agus a d'fhágfadh nach mbeadh riosca do-ghlactha ann do thomhaltóirí. Tuairiscíodh dea-chleachtais talmhaíochta chúltaca le haghaidh na dtráchtearraí sin, dea-chleachtais nach bhfágann go sáraítear an ghéardháileog thagartha. Mar sin féin, os rud é go raibh roinnt faisnéise ann nach raibh ar fáil, ba ghá do bhainisteoirí riosca an cheist a scrúdú a thuilleadh. Dá bhrí sin, déanfar athbhreithniú ar MRLanna na dtráchtearraí sin cé go meastar go bhfuil na MRLanna sin sábháilte. Cuirfear san áireamh san athbhreithniú an fhaisnéis a bheidh ar fáil laistigh de 2 bhliain tar éis fhoilsiú an Rialacháin seo. Ós rud é nach bhfuil aon riosca ann do thomhaltóirí, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtráchtearraí sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a ísliú go dtí na luachanna a mholann an tÚdarás.

(7) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(9) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia in ann iad féin a oiriúnú do na ceanglais nua a thagann as an modhnú ar na MRLanna.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 19 Lúnasa 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin le haghaidh aicéataimípride:

Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Aicéataimíprid (R)
‘0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	
0110000	**Torthaí citris**	0,9
0110010	Seadóga	
0110020	Oráistí	
0110030	Líomóidí	
0110040	Líomaí	
0110050	Mandairíní	
0110990	Eile (2)	
0120000	**Cnónna crann**	0,07
0120010	Almóinní	
0120020	Cnónna Brasaíleacha	
0120030	Cnónna caisiú	
0120040	Castáin	
0120050	Cnónna cócó	
0120060	Cnónna coill	
0120070	Macadaimia	
0120080	Cnónna peacáin	
0120090	Eithní cnónna péine	
0120100	Cnónna pistéise	
0120110	Gallchnónna	
0120990	Eile (2)	
0130000	**Torthaí póma**	
0130010	Úlla	**0,07(+)**
0130020	Piorraí	**0,07(+)**
0130030	Cainchí	**0,15(+)**
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	**0,3**
0130050	Locuatanna	0,8
0130990	Eile (2)	0,8
0140000	**Torthaí cloiche**	
0140010	Aibreoga	**0,08(+)**

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
0140020	Silíní (iad milis)	**0,8**
0140030	Péitseoga	**0,08**
0140040	Plumaí	0,03
0140990	Eile (2)	0,01 (*)
0150000	**Caora agus torthaí beaga**	
0151000	(a) **fíonchaora**	**0,08**
0151010	Fíonchaora boird	
0151020	Fíniúnacha coiteanna	
0152000	(b) **sútha talún**	0,5
0153000	(c) **torthaí cána**	
0153010	Sméara dubha	**0,6**
0153020	Eithreoga	2
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	**0,6**
0153990	Eile (2)	2
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**	
0154010	Fraocháin	**0,7**
0154020	Mónóga	**0,7**
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	**0,01** (*)
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	**0,7**
0154050	Mogóirí róis	2
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	2
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	0,01 (*)
0154080	Caora troim	**0,5**
0154990	Eile (2)	0,01 (*)
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**	
0161000	(a) **craiceann inite**	
0161010	Dátaí	0,01 (*)
0161020	Figí	0,03
0161030	Ológa boird	**0,9**
0161040	Cumcuait	0,01 (*)
0161050	Torthaí réaltúla	0,01 (*)
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	0,01 (*)
0161070	Plumaí láva	0,01 (*)
0161990	Eile (2)	0,01 (*)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**	0,01 (*)
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	
0162020	Lítsíonna	
0162030	Páiseoga	
0162040	Piorraí deilgneacha	
0162050	Réalt-úlla	
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	
0162990	Eile (2)	
0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**	**0,01** (*)
0163010	Abhacáid	
0163020	Bananaí	
0163030	Mangónna	
0163040	Papánna	
0163050	Pomagránaití	
0163060	Céiriomoighe	
0163070	Guábhaí	
0163080	Anainn	
0163090	Torthaí aráin	
0163100	Duraígh	
0163110	Úlla deilgneacha	
0163990	Eile (2)	
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**	
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	0,01 (*)
0211000	(a) **prátaí**	
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	
0212010	Casabhaigh	
0212020	Prátaí milse	
0212030	Ionaim	
0212040	Ararút	
0212990	Eile (2)	
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**	
0213010	Meacain bhiatais	
0213020	Meacain dhearga	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	
0213040	Meacain ragaim	

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
0213050	Bliosáin ghréine	
0213060	Meacain bhána	
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	
0213080	Raidisí	
0213090	Salsabh	
0213100	Svaeideanna	
0213110	Tornapaí	
0213990	Eile (2)	
0220000	**Glasraí bleibíní**	
0220010	Gairleog	0,02
0220020	Oinniúin	0,02
0220030	Seallóidí	0,01 (*)
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	0,01 (*)
0220990	Eile (2)	0,01 (*)
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**	
0231010	Trátaí	**0,06**
0231020	Piobair	**0,09(+)**
0231030	Ubhthorthaí	0,2
0231040	Ocra	0,2
0231990	Eile (2)	0,2
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**	
0232010	Cúcamair	**0,05(+)**
0232020	Gircíní	0,6
0232030	Cúirséid	**0,05(+)**
0232990	Eile (2)	0,3
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**	
0233010	Mealbhacáin	**0,08**
0233020	Puimcíní	**0,08**
0233030	Mealbhacáin uisce	**0,08**
0233990	Eile (2)	0,2
0234000	(d) **arbhar milis**	0,01 (*)
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**	0,2
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**	

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
0241000	(a) **praiseach bhlátha**	
0241010	Brocailí	**0,06**
0241020	Cóilis	**0,06**
0241990	Eile (2)	0,4
0242000	(b) **praiseach chinn**	
0242010	Bachlóga Bruiséile	0,05
0242020	Cabáistí cinn	**0,03**
0242990	Eile (2)	0,01 (*)
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**	0,01 (*)
0243010	Cabáistí Síneacha	
0243020	Cáil	
0243990	Eile (2)	
0244000	(d) **cálráibí**	0,01 (*)
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**	
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**	
0251010	Ceathrúna uain	**1,5**
0251020	Leitísí	**0,01** (*)
0251030	Searbháin muc	**0,01** (*)
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	3
0251050	Biolair thalún	3
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	**1,5**
0251070	Mustard dearg	**0,9**
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	3
0251990	Eile (2)	0,01 (*)
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	
0252010	Spionáistí	**0,01** (*)
0252020	Puirsleáin	0,6
0252030	Seardas/duilleoga biatais	**0,01** (*)
0252990	Eile (2)	0,6
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 (*)
0254000	(d) **biolair uisce**	0,01 (*)
0255000	(e) **sreabháin na Beilge**	0,01 (*)
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**	3
0256010	Costóg	
0256020	Síobhas	

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
0256030	Duilleoga soilire	
0256040	Peirsil	
0256050	Sáiste	
0256060	Marós	
0256070	Tím	
0256080	Basal agus bláthanna inite	
0256090	Duilleog labhrais	
0256100	Dragan	
0256990	Eile (2)	
0260000	**Léagúim**	
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga orthu)	0,6
0260020	Pónairí (gan faighneoga orthu)	0,3
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga orthu)	0,6
0260040	Piseanna (gan faighneoga orthu)	0,3
0260050	Lintilí	0,01 (*)
0260990	Eile (2)	0,01 (*)
0270000	**Glasraí gais**	
0270010	Lus súgach	**0,01** (*)
0270020	Cardúin	0,01 (*)
0270030	Soilirí	0,01 (*)
0270040	Finéal Fhlórans	0,01 (*)
0270050	Bliosáin chruinne	0,7
0270060	Cainneanna	0,01 (*)
0270070	Biabhóg	0,01 (*)
0270080	Péacáin bhambú	0,01 (*)
0270090	Croíthe pailme	0,01 (*)
0270990	Eile (2)	0,01 (*)
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,01 (*)
0280010	Fungais shaothraithe	
0280020	Fungais fhiáine	
0280990	Caonaigh agus léicin	
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**	0,15
0300010	Pónairí	
0300020	Lintilí	

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
0300030	Piseanna	
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	
0300990	Eile (2)	
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	
0401000	**Olashíolta**	
0401010	Ros lín	0,01 (*)
0401020	Piseanna talún	0,01 (*)
0401030	Síolta poipín	0,01 (*)
0401040	Síolta seasamain	0,01 (*)
0401050	Síolta lus na gréine	0,01 (*)
0401060	Síolta ráibe	0,4
0401070	Pónairí soighe	0,01 (*)
0401080	Síolta mustaird	0,01 (*)
0401090	Síolta cadáis	0,7
0401100	Síolta puimcín	0,01 (*)
0401110	Síolta cróch bréige	0,01 (*)
0401120	Síolta borráiste	0,01 (*)
0401130	Caimilín	0,01 (*)
0401140	Síolta cnáibe	0,01 (*)
0401150	Pónairí ricne	0,01 (*)
0401990	Eile (2)	0,01 (*)
0402000	**Olathorthaí**	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	3
0402020	Eithní pailme ola	0,01 (*)
0402030	Torthaí pailme oila	0,01 (*)
0402040	Capac	0,01 (*)
0402990	Eile (2)	0,01 (*)
0500000	**GRÁNAIGH**	
0500010	Eorna	0,05
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	0,01 (*)
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	0,01 (*)
0500040	Muiléad coiteann	0,01 (*)
0500050	Coirce	0,05
0500060	Rís	0,01 (*)
0500070	Seagal	0,01 (*)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
0500080	Sorgam	0,01 (*)
0500090	Cruithneacht	0,1
0500990	Eile (2)	0,01 (*)
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**	0,05 (*)
0610000	**Taenna**	
0620000	**Pónairí caife**	
0630000	**Insiltí luibhe ó**	
0631000	(a) **bláthanna**	
0631010	Camán meall	
0631020	Roiseog	
0631030	Rós	
0631040	Seasmain	
0631050	Teile	
0631990	Eile (2)	
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**	
0632010	Sú talún	
0632020	Rooibos	
0632030	Maité	
0632990	Eile (2)	
0633000	(c) **fréamhacha**	
0633010	Caorthann corraigh	
0633020	Ginsing	
0633990	Eile (2)	
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**	
0640000	**Pónairí cócó**	
0650000	**Carúib**	
0700000	**LEANNLUSANNA**	0,05 (*)
0800000	**SPÍOSRAÍ**	
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,05 (*)
0810010	Ainís	
0810020	Calaindí	
0810030	Soilire	
0810040	Lus an choire	
0810050	Cuimín	
0810060	Lus mín	

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
0810070	Finéal	
0810080	Feinigréag	
0810090	Noitmig	
0810990	Eile (2)	
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	
0820010	Ilspíosra/pimeantó	0,05 (*)
0820020	Piobar Szechuan	0,05 (*)
0820030	Cearbhas	0,05 (*)
0820040	Cardamam	0,1
0820050	Caor aitil	0,05 (*)
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)	0,1
0820070	Fanaile	0,05 (*)
0820080	Tamarain	0,05 (*)
0820990	Eile (2)	0,05 (*)
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 (*)
0830010	Cainéal	
0830990	Eile (2)	
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**	
0840010	Liocras	0,05 (*)
0840020	Sinséar (10)	
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)
0840040	Meacain ragaim (11)	
0840990	Eile (2)	0,05 (*)
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 (*)
0850010	Clóibh	
0850020	Caprais	
0850990	Eile (2)	
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 (*)
0860010	Cróch	
0860990	Eile (2)	
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 (*)
0870010	Maicis	
0870990	Eile (2)	
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	0,01 (*)
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
0900020	Cánaí siúcra	
0900030	Fréamhacha siocaire	
0900990	Eile (2)	
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**	
1010000	**Tráchtearraí ó**	
1011000	(a) **mucra**	
1011010	Matán	0,5
1011020	Saill	0,3
1011030	An t-ae	1
1011040	An duán	1
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	1
1011990	Eile (2)	0,02 (*)
1012000	(b) **bó-ainmhí**	
1012010	Matán	0,5
1012020	Saill	0,3
1012030	An t-ae	**0,03**
1012040	An duán	1
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	**0,05**
1012990	Eile (2)	0,02 (*)
1013000	(c) **caoraigh**	
1013010	Matán	0,5
1013020	Saill	0,3
1013030	An t-ae	1
1013040	An duán	1
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	1
1013990	Eile (2)	0,02 (*)
1014000	d) **gabhar**	
1014010	Matán	0,5
1014020	Saill	0,3

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Aicéataimíprid (R)
1014030	An t-ae	1
1014040	An duán	1
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	1
1014990	Eile (2)	0,02 (*)
1015000	(e) **eachaí**	
1015010	Matán	0,5
1015020	Saill	0,3
1015030	An t-ae	1
1015040	An duán	1
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	1
1015990	Eile (2)	0,02 (*)
1016000	(f) **éanlaith chlóis**	
1016010	Matán	0,02 (*)
1016020	Saill	0,02 (*)
1016030	An t-ae	0,1 (*)
1016040	An duán	0,1 (*)
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,02 (*)
1016990	Eile (2)	0,02 (*)
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**	
1017010	Matán	0,5
1017020	Saill	0,3
1017030	An t-ae	1
1017040	An duán	1
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	1
1017990	Eile (2)	0,02 (*)
1020000	**Bainne**	0,2
1020010	Eallach	
1020020	Caoirigh	
1020030	Gabhar	
1020040	Capall	
1020990	Eile (2)	
1030000	**Uibheacha éan**	0,02 (*)
1030010	An chearc	
1030020	Lacha	
1030030	Géanna	

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo ([a])	Aicéataimíprid (R)
1030040 1030990	Gearg Eile (2)	
1040000	**Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)**	0,05 (*)
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,02 (*)
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,02 (*)
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,02 (*)
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**	
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**	
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**	

(*) Léiríonn an íosteorainn an chinnidh anailísigh
([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I
(+) Comhcheangal táirge-lotnaidicíde a bhfuil fonóta ann ina leith. Tá liosta na bhfonótaí thíos.

Aicéataimíprid (R)

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil leis an gcomhcheangal códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Aicéataimíprid - cód 1000000 seachas 1040000: Suim na haicéataimípride agus N-deismeitil-aicéataimípride (IM-2-1), arna sloinneadh mar aicéataimíprid

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 19 Feabhra 2027, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
0130010 Úlla
0130020 Piorraí
0130030 Cainchí
0140010 Aibreoga
0231020 Piobair
0232010 Cúcamair
0232030 Cúirséid'